

AS breathnú SIAR

Dónall Mac Amhlaibh

FOMHAR, 1959.

Ní fhaca mé aon Eireannach ariamh bheadh comhcheannúil sin ar chait le fear seo Roscomáin; ceannaíonn sé seacht gcanna den Kit-e-Kat sin 'chuile Aoine comh lua is a fhaigheann sé a chuid pái—diol na seachtaine bhídh dá pheata. Ní thuirsíonn sé aon uair ach ag cur síos ar an gcat céanna, ar a bhreáthacht, a áilneacht, a stuaim agus a mhéid.

Ora, a dhuine mo chroí thú níl sé sa gconndae seo an cat is breátha ná Tiger, a déarfadh sé leat ach thú bheith sásta cluais éisteachta a thúirt dó. An cat a dhúisíonn é 'chuile mhaidin más fíor dó féin é, agus ní h-í cail-leach an tí lóisdín ina gcónaíonn sé. Teagann an cat isteach ina sheomra ar bhuile an t-sé agus téigheann de léim suas ar a leaba go dtosaíonn ag crónán leis agus ag cimilt a smut dá éadan ag gráinteacht leis. Bíonn cuid dena buachaillí ag déanamh an diabhair ar Roscomán, ag cur tuairisc an chait, ach dá mbeidís leis go lá deire an tsaoil ní thuigfeadh sé féin nach lom dáiríre a bheadh siad, tá sé comh bródúil sin as an gcat. I leaba aisfhreagra a thúirt orra mar a dhéanfadh fear eile isé chaoi a dtos-óidh sé ag déanamh gaisce faoi'n méid luchógaí a mhar-aigh Tiger nó faoi na madraí a íbir sé nó doras; tá súil le Dia a'm nach dtarlóidh a dhath don gcat sin mar is cos-úil nach bhfuil ag mo dhuine ach é. Sé mhíle amach faoin dtír, i mbaile beag Roade a chónaíonn Roscomán agus rothaíonn sé isteach chun na h-oibre 'chuile mhaidin de'n bhliain. Caitheann sé bheith ina shuí ag an sé le bheith ag ceann cheathruin an Bhoird Leictreachais ag leath uair thys an seacht agus níor fhan sé oiread is lá amháin as láthair i rith an gheimhridh seo chaite. Maidin amháin dá raibh cúpla throigh de shneachta ar an mbóthar b'éigean dó a rothar a chaith-eamh i leatthaobh uaidh agus teacht isteach ar an mbus — bí 'caint ar sheas-mhacht! Ach tá faitís orm gur ar éigin gur fiú an trioblóid an tairfe ina chás sin mar go ón-lann sé 'chuile phinghinn dá shaothraíonn sé. I bhfuireann oibre Pheait Ned, as Oileán Acla a bhí sé ag obair roimhe seo ach fearacht go leor eile níor fhan fonn ar bith air Northampton a fhágáil nuair a bhí sé in am dó sin a dhéanamh. Tá an dearg-ghráin ar na Sasanaigh tá ag obair in éindí leis ar Roscomán ar an ádhbhar nach n-iarrfadh sé scíth ná sos a ghlacadh go deo ach ag cartadh leis mar bheadh a bheo ag brath air. Ach thairis sin tá a bheag nó a mhór dá údar aca le bheith ina choinne araé tá sé tugtha don gclamsham agus don bhfiód -mhagadh agus bíonn sé íontach cantalach in dhiaidh óil. Chonaic mé Conney Acla amach as an mbus ar maidin teacht chun na h-oibre dhom agus dúirt mé liom féin go dtabharfainn go leor ar a bheith ag obair ina bhuil arís go ceann scath-aibh. Díléa ar na Sasanaigh seo níl puinn thuiscint aca don gcaic; iad comh leamh is comh tur ionnta féin! Tá sé ag báisteach anois agus mé á scríobh seo istigh sa mboth ach ní iarrfainn a mhalairt

arae tá sé te teolai agus tirm. Déanann siad seo an-íontas dhíom a bheith ag scríobh sa leabhar beag nótaí uair ar bith dá ghfaighim an deis chuige agus ní bhíonn le clos uatha ach a leithéide seo:

"Oi, oi, ole Pat's got his book out again. 'E aint 'alif givin' it to us now in 'is own ole language' I'll bet! Glyic, aint it, Pat? Same as they speak in Wales and up in the 'Ebrides."

Is iondual go gcuireann sin tús le cómhra faoi theangachaí agus faoi stair, b'fhéidir, agus sin é an uair a chloisfeá macasúil na dtuairim seo á nochtadh:

"Of course the real English are Welsh. The Welsh owned all this country before the English pushed them back into the Welsh hills in 1066."

"Serves 'im right. Ignorant lot of bumkins they are, always jabberin' away in their own language — oh sorry, Pat, no offence! The Irish are alright, give me an Irishman any day before a Taffy."

Curfa ón gcuid eile ag cur leis an méid seo.

"Yiss, the Irish are alright! Some of the best blokes I've ever known 'ave bin Paddies.' "Course they are! There's good and bad in every country, that's what I allus say."

Agus sin é an Sasanach duit ó thúis go deire — é lán t-sásta a admháil nach bhfuil aon locht — mórán — ar chiniócha eile ach ins an am gcéanna é cinnte déarfá istigh ina intinn féin (agus dá bhuíochas féin beagnach) go b'iad féin an dream is fearr uilig. Is dói go mba dhóiligh dóibh a bheith ar aon chaoi eile 'rá is gur náisiún iad nár chuireadh faoi chois ariamh agus a ghabh leath na cruinne seo chúcha féin san am a chuaigh thart.

Go Billing — baile beag bordáil is cúig mhíle amach as seo — mé le buíon Harry, agus is mé bhí buíoch beann-achtach faoi bheith réidh leis an Jinter agus a mháta. Ní rabh tada ach peil ar bun ó tháinig muid den leorrai am-uich ag an obair, agus ár ndó bhí Punch ar a shean - phort arís.

"The Cobblers," ar seisean de shean bheich, "Be a long time before I go to watch that shower again. Call themselves footballers? Footballers? What they know about football I could write on the back of a tup-penny stamp!"

Is fear é Harry nach maith leis éinne bheith ag cur in a aghaidh agus deirtear go n-ionnsuáíonn sé an gléas tele-fise, fiú, agus go mbuaileann de dhorn é, mura dtaithníonn an clár leis. Dála cuid mhaith eile de na sean daoine annseo tá an-tóir go deo aige ar 'Rawhide' agus clárachaí eile iartharach mar sin, agus ní iarrfadh sé ach neart mharú agus cúimse Indiathaigh fheiceáil 'chuile uair a théigheann sé ag breathnú air. Tá paistiúlacht agus dí-cheilli ag roinnt leis an tsean dream seo nach bhfuighfeá chor ar bith imeasc sean-daoine thiar sa dtír sin againn fhéin.

Chuireadh ag gearradh trinnse treasna an bhóthair inniu muid, acar beag síos ón Elwes Arms, teach ósta beag cheann tuí nach bhféad-fadh a bheith lá ar bith níos óige ná trí chéad bhliain ceap-

fainn. Is ann a théighfeadh an sagart Caitliceach, Father Mullett, 'chuile oíche, go n-ól-fadh sé cúpla pionnta leanna i gcuideachtaí na bhfear oibre. Tá sé ar shli na marbh anois le cúpla bhliain ach maireann a chuimhne go gheall annseo fós agus tá ómós ag cádh dá ainm. Deir siad go rabh sé ina chara ag óg agus aosta agus gur mó teanntás a dhéanfadh muinn-tir Billing air ná mar a dhéanfadh ar a Mhinistéar fhéin.

Tá crois Ceilteach taobh thíos den tséipéal beag Caitliceach agus ainmneacha na bhfear a mharbhúidh sa ndá cogadh domhanda greannta ar an gcloch ag a bhun. Níl de mhairbh an chogaidh deiridh ach triúir in aghaidh na scórtha a marbhúidh sa gcéad ceann. Tá triúr de shloinne Uí Mhaoláin imeasc mairbh 1914-18 agus is an-namh a fheictear sloinnnte Eireannacha mar sin ar leac-rachaí chuimhneacháin am-uich faoin dtuaithe, ní h-ion-ann agus ins na mbailte móra. Ba Eireannach a bhí i Fr. Mullett freisin, Dia le'n a anam.

Tá leacht phráis leagtha isteach sa mballa taobh muich de theach an phuist i gcuimh-ne an Squire Elwes (ar baistíodh an teach ósta in omqs dó) agus tá peictiúir dó san Eaglais Caitliceach agus é tugtha síos ann gur mheall sé na céadta isteach ins an Eaglais le feabhas agus bin-neas a ghutha nuair a chan-adh sé ag an Aifreann. Teach Phobail beag deas tá sa gceann Caitliceach sin agus na ballaí aol-daite, rud is anamh sa dtír seo. Chasadh sean fhear dhom in am din-néara a thug go leor de shean-chais na h-áite dhom. Dúirt sé liom go mba Protústanach a bhí in athair Gervaise Elwes a bhfuil an leacht tógtha in ómós dó ach gur ionntaigh sé ina Caitliceach le teann spadhair nuair a dhiúltaigh an Ministéar a bhí ann san am a iníon a thúirt dó le pós-adh. Dála an scéil bhí sé sin abhfad ó shoin — gar do chéad bhliain — agus tóige-adh clann an fhir úd 'na gCai-tilicigh maith. Is iad a thóg an séipéal (an chéad Séipéal Caitliceach a tóigeadh sa ndúthaigh seo ó aimsear Aon-raí a hOcht, is dói) agus theagadh daoine nár Caitlic-igh iad chor ar bith na mílte le Gervaise a chloisteáil ag canadh "The Dream of Ger-ontius. Marbhúidh é thall i Mheiriceá sa mbliain 1925 de thaisme. Is amhlaidh a bhí sé 'na sheasamh ar ardán i stáisiún traenach eicint — bhí sé ag taisdil Mheiriceá san am ag canadh ar son cumann car-thannachta — nuair a thuit cóta as lámha mná a bhí in gar dó. Chrom sé leis an gcóta a thóigeáil agus sciobadh isteach faoi rothaí na traen-ach é! Bhí sé os cionn an trí scór go maith an uair úd agus ghoill a bhás go mór ar mhuinntir Billing araé séard a bhí ann, deir siad. fíor duine uasal. Ba leis an baile beag fré cheile ach bhronn sé na títhe ar a dtionntaí agus is iomdha leas eile a rinne sé dhóibh. D'imríodh sé cricket leo, freisin, agus ba chás leis an uile duine dá rabh thart faoin áit. Is mac dó an Sagart Paróiste tá i mBilling anois fhéin — Fr. Val Elwes — ach deirtear nach mórán de

polaitíocht

Tá séasúr marb na polaitíoc-ta ag tarraingt eun deiridh, agus i gcionn seachtaine eile, beirí orriopás ar oíge, ins na Seom-raí páirtíche ag ullmú do theacht le dénte na Dála.

San am i láthair, tá polaitíoc-oiriopás ar puo an domáin, cuid acu ag Strasbourg, agus chuit-leo i dtíortha Mheiriceá, agus iad ag plé ceisteanna a dtíre i ceisteanna an domáin, ar an éostas poiblí, ar noíge. Tar-tear, is minic a tarráíonn rudaí aisteacha. Táimís go léir breá cleactaite le Oribéar ó Flana-gán, a beir ag ionsaí na Saeitge agus Saeitge éigeantaí, agus chuit le rú den éimeál ins an Dál, agus ar na h-árdán poiblí, ac goiré bur darúil den Oribéar céanna, a beir ag seasamh suas ar aróán ioir-náisiúnta agus ag labairt as Saeitge, leis na h-ionadaithe a bí ansin. Is dóca gur fiú rud ar bít a déanamh pá-coinne gímmic, nó le poiblíocht a fáil.

Ac, seor a' bít, is maíe an rud le feiscint go bfuil poitici-ceoirí ann, fiú amáin iad sin nac bfuil pabrací oon Saeitge sa baile, agus gur maíe leo an Saeitge a labairt tar sáile.

Is cosúil go bfuil Liam Mac Cosgar, ag leanúint de traidi-siún an Oribéar, an "aíarí nua" a tugad do polasáí Fine Sael, sé sin tacaíocht a tabairt oon Rialtas, in gac cúrsa a baineas le leas an náisiúin.

Nuair a d'féadfaí sé bun-táiste poiticiúil a glacad ar cúrsaí airgeadais, ní déarna sé é, agus cuir sé tacaíocht fine Sael ar cúl páirtí an Rialtais, de táirde an iasact tar lear, i iasact óna bancanna. Rud atá nua. Do réir cosúlacta, tá airc airgid ar an tír, agus má tá scéimeanna forbairte agus tí-íocht le dul ar aís, caitear rudaí neamh-ghnác a déanamh agus rud neamh-ghnác an iarraict seo ar airgead a fáil ar iasact, cin-eál de uas-tarraingt ar scála mór, óairirib, óna Bancanna.

Is cosúil go bfuil an Rialtas ag brat air, agus ag dul i mbannáí air, go bfuil an geillea-gar náisiúnta ag feabús a oir-eao sin. agus go mbeir sé furas-ta go leor airgead a tógáil as an gnác cánaíoch, nó trío an gnác cánaíoch ins na cúpla bliain seo romáinn, mar, leis an iasact seo de £20m. caitear £53m. nó mar sin, breise, a tógáil as cán-

aca ins na ceitire bliana seo no-máinn.

Is cinnte nac bfuil an Rial-tas ag smaíneadh ar breis cán-aíoch a éur, mar do éurpead sé eise go mór le forbairt eacnam-iciúil. Agus mar sin de. caitear sé gurb é an comhairle atá acu óna gcuid sain-eolaithe, nó go dtiocfaid méadó ar theacht is-teac an Rialtais, leis na cánaíoch mar atá síad, agus go mbeir na cánaíoch sin, abálta airgead bre-ise a solácar, agus a éuireas ar a gcumas, an £5m. seo a íoc ar ais gac bliain sna ceitire bliana romáinn, com maíe le preastal ar gñác costais méadóite an Rialtais.

Agus go fóill, agus sinne dá scríobad seo, níl aon caint nó aon scéal cinnte faoi cad atá le teact as an iorbeartaíocht ior-muio féin agus Sasain. Is cosúil nac noéanpar aon gñíomh mór, a raíad istead ar ár saoirse po-liticiúil, nó saoirse eacnamiciúil, ac san am céanna, tá an baol ann pós, go dtabairfear ar shíl-níós mó ná mar a sheobas muio-tar n-ais, agus san amháin, tá na cumactaí oisite ag musclaíocht eise sin. Labair Cumann na t-ionscloirí faoi ar na malláib, agus is cinnte go mbeir brú láoir ann, má bhíonn baol ar bít go gcuirfear istead go trom ar an margad baile do na t-ion-scloirí.

Measaim nac aon dócar é an racán a tóg Fine Sael, agus an luict Oibre agus na déirí sin na páipéir agus daoine eile, más fíor gur fáitíll a baineas a céann den tubaiste, agus gurb é an síor-coméad is luac oon tsaoirse, is cinnte nac miste dú-ínn amháin a beir agaimn as Stáit-Seirbísí bunaithe a éur i mbun iorbeartaíocht.

Ac, cibé ar bít, ní ró fáda anois go dtabairfear an-tiomlán amac fá solus' lae, agus meas-aim nac mbeir aon rud réadlóir-eac insan polasáí a bí ann roimhe seo, ann, de táirde cleactanna custaim nó eile, agus nac sciop-par ar shíl san aon oíce an teo-ra, agus go mbeir na boctáin cus-taim, agus chuit le rú eile ar an oteoráinn go ceann tamail maíe eile go fóill.

An tseactam seo éugaimn beir muio ag tabairt aísarí arais ar theac laigeas, agus ar roimne maíe pabanna a béas dá noéad ann.

feanreasa.

baile na ngall

Bí mórán mór daoine ar saoirse ó Mheiriceá insan gceantar seo ar fead an tsamraíó má measc bí pádraic Ó Cearnaig, ón mBlascaod Mór, agus Tomás Ó Murchú ó Baile na nGall. O'fúil síad tar n-ais go nua eacraí deire na seachtaine seo caite, taréis breis is mí do caiteamh sa baile. Níl pádraic ac seact mbliana déas ins na Stáit, ac tá 51 bliain caite ag Tomás Ó Murchú ann. O'imis sé sáil i 1904 i nfor eus sé ac ós éuair abaithe ó sin, anuraid agus i mbliana. i dtis a deactáir, i mBaile na nGall, a caíe sé a laeta saoire, san áit a rugad agus a tógad é.

fean eile a táimig abaithe ar saoire, ab'ea Eoin Mac Domhnaill, ó Baile Treasna, i bparáiste fionntaí. Seo an tríú éuair aige ar a tír dúcais ó o'imis sé tar sáile 42 bliana ó sin.

mhaoin mhuinntir Elwes a d'fhan i seilbh an tsagairt sin. Tá an Hall leagtha anois agus an talamh uilig i seilbh an Nua-Shaidhbhear, leithéide Mackaness, an milliúnaí mór.

Dónall Mac Amhlaigh.

baile na pinne

Cúis mór bróm sa ceantar bás éamonn Ó Gallcobair, i nGlaséú ar na malláib. Bí sé in Albain le os cionn 20 bliain, agus ní raib sé an trí-scóir go fóill. As Cum-fín, Baile na Pinne é, áit a bfuil a deactáir, Seán, má éonáí go fóill. Nícear combrón le Seán, agus le Cassie Dean Uí Chánáisi, atá 'na éonáí i nGleann Pinne. Bí an tiasaí Ó Gallcobair insan baile ar laeta saoire ar na malláib, agus bí árdneas air, agus acan duine go maíe do sa ceantar. Tugad an corp na baile de Saicáin, agus bí scaipte an mór leis an tórram iníaró dípreann na marb, a léig an tóctair Mac Ploinn, S.C., i o'ceac pobail naomh Columba, Baile na Pinne.

am amú!

Ag cruinnú do Coiste Saim-Oireadais Oún na nGall, dúirt pádraic Ó Domhnaill, Leitig Ceann-ainn, nac raib ann ac éur amú ama ceao a tabairt do muinteoirí out euis an Oireadais, nuair a léigead litir ón Romh a' rá go dtiocfaid le muinteoirí out go dtí an Oireadais, dá b'féadfaí soerú eile a déanamh faoi na gcuid ranganna a iom-par 'un tosai.